




Nuachtlitir

Ghaelscoil Chnoc Liamhna

Samhain 2020

Cóisir Oíche Shamhna

Ar an 23ú Deireadh Fómhair bhíomar ag ceiliúradh Oíche Shamhna. Bhí an scoil lán le taibhsí, arrachtaí, fir grinn agus gach saghas carachtair eile agus bhí na múinteoirí scanraithe roimh chúpla duine acu. Bhí neart spóirt, spraoi agus milseáin ag na páistí ar an lá sin.



Slán le Máire agus Eibhlín.

D'fhágamar slán leis na múinteoirí Eibhlín agus Máire i Mí Dheireadh Fómhair. D'oibrigh an bheirt acu go dian díograiseach ar son na scoile agus tá bearna mór fágtha ina ndiaidh acu ar scoil, ní hamháin ar bhonn oideachasúil ach ar bhonn pearsanta freisin. Mothaímid uainn go mór an bheirt agus is cinnte go bhfuil siad ag baint sult as an ré nua ina saoil.

Seo píosa a scríobh **Cara Ní Chuinn** i Rang 6 faoin Múinteoir Máire.

“Cuimhním ar a lán rudaí deasa faoin Múinteoir Máire i m'ocht mbliana ar scoil. Bhí sí i gcónaí cairdiúil, cabhrach agus sásta caint le gach uile páiste. Cuimhním ar an lá a tháinig sí chuig an Naíonra chun Dia Duit a rá linn. Bhí sí ansin don chéad lá ar scoil agus don Chéad Chomaoineach. I gcónaí chuir sí an méid sin oibre isteach sna sacraimintí ionas go mbeadh gach páiste sásta. Thug sí a lán tacaíochta agus moladh don fhoireann peile, iománaíochta agus an fhoireann lúthchleasaíochta freisin. Bhí sí i gcónaí ag iarraidh rudaí spraiúla agus difriúla a dhéanamh linn. Thiocthadh sí timpeall chun na tionscadail ar fad a fheiceáil i rith Seachtain na hEolaíochta. Bhímis ag déanamh rudaí suimiúla léi le linn Coicís na Gaeilge freisin. Thaitin an Múinteoir Máire go mór linn agus táimid an-bhrónach go bhfuil sí imithe”.



Seo píosa a scríobh **Grace Ní Dhúill** agus **Charley Ní Nualláin** (Rang 3) faoin Múinteoir Eibhlín,

“Do Mhúinteoir Eibhlín,

Is múinteoir an-deas tú agus tá gach duine uaigneach gan tú. Tá tú an-deas agus greannmhar. Is tú an múinteoir is fearr a bhí sa scoil seo. Go raibh maith agat as ucht gach rud a rinne tú dúinn. Rinneamar a lán rudaí deasa gach lá, rinneamar ealaín agus spórt. Ní dhéanfaimid dearmad ort riamh. Ba mhaith linn da dtiocfá ar ais ar cuairt.”


Imeachtaí Scoile

Cleite

Thosaigh na Naíonáin ag tabhairt faoin gclár luath léitheoireachta 'Cleite' sna ranganna an mhí seo. Bíonn neart foghlaim ar siúl acu agus iad ag obair i ngrúpaí, bíonn siad ag léamh, ag cleachtadh fónaicí, ag imirt cluichí, ag gearradh agus ag greamú. Beidh Rang a hAon ag cur tús leis an gclár an tseachtain seo agus déarfainn go mbainfidh siad an-tairbhe as freisin.

Réidh Socair Déan agus Mata sa Rang.

Ta páistí sna ranganna Naíonáin go dtí Rang a hAon ag obair go díograiseach ar a gcuid mata a fheabhsú. Bíonn siad ag obair i ngrúpaí le duine fásta ag gach grúpa chun iad a threorú conas an mhata a dhéanamh ag úsáid ábhair choincréiteacha.



Páistí i rang Naíonáin Mhóra ag obair go cruá agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí Chleite sna grúpaí éagsúla.

Imeachtaí Scoile.



Códú

Tá an Múinteoir Aogán ag obair go dian i ranganna a ceathair, a cúig agus a sé agus é ag cur an teicneolaíocht chun cinn sna ranganna sin. Tá na páistí ag foghlaim conas tabhairt faoi chódú tríd an clár 'Scratch' a leanúint.



Rang na Naíonáin Bheaga

Tá na naíonáin tar éis socrú isteach ar scoil, ag súgradh agus ag spraoi trí mheán na Gaeilge.



Seachtain na hEolaíochta

Bhí na buachaillí agus cailíní ina n-eolaithe óga i rith na seachtaine seo caite agus iad ag déanamh turgnaimh éagsúla sa bhaile agus ar scoil.

Naíonáin Mhóra

Bhí na **Naíonáin Mhóra** ag foghlaim faoi na céadfaí agus chuir siad bleibíní ag fás freisin. Tá súil againn go bhfeicimid cúpla lus an chrom chinn agus tiúilip ag fás i gceann mí nó dhó.



Rang a hAon

Chuaigh Rang a haon i mbun fiosrúcháin eolaíochta. Seo cuntas ar dhá ceann:

Úlla a choinneáil úr – Ghearramar úll agus d'fhágamar slios amháin i líomóid, slios in uisce sáile, slios in uisce le siúcra, slios in uisce agus slios ar phláta san aer. I ndiaidh seachtain breathnóireachta ba léir dúinn go raibh an líomóid mar an tuaslagán is fearr chun é a choimeád úr.



Uisce ag bogadh – Chuireamar uisce daite (uisce gorm agus uisce dearg) i gcúpla próca agus próca amháin sa lár le huisce nach raibh daite. Chuireamar ciarsúr ag dul ó phróca amháin go dtí próca eile. Tar éis tamaill thugamar faoi deara gur tháinig athrú ar an uisce sa lár de bharr gur ghluais an t-uisce daite (le cabhair ón gciarsúr) ón dá próca isteach sa cheann sa lár agus gur mheasc na dathanna.



Rang a Dó

Rinne Rang a Dó jab iontach ag cruthú a gcuid marla féin!



Seachtain Eolaíochta Rang a Trí

Bhí eolaithe óga ag obair go dian i rang a trí freisin. Rinne siad a lán turgnaimh éagsúla.

Rinne siad a gcuid **ime** féin ag úsáid uachtar dúbailte agus salann.



Rinne siad a gcuid **uirlisí ceoil** féin freisin.



Rinne siad **sláthach** freisin ag úsáid gliú PVA, Formil, glóthach bhearrtha agus péint.



Rinne siad **Oobleck** as plúr, péint agus uisce.



Rang a Ceathair

Bhí Rang a Ceathair ag déanamh dian fhiosrúcháin ar an éifeacht a bhíonn ag uisce agus dath ar ábhair éagsúla.





Seachtain na hEolaíochta - Rang a 5 Le Aaron Breathnach & Alanna Nic an Iarla

*'Bhíomar ag obair ar **fhuinneamh** agus ar **leictreachas** le haghaidh Seachtain na hEolaíochta i mbliana. Rinneamar obair ar mhuilleann gaoithe. Bhí orainn, i ngrúpaí, muileann gaoithe a dhearadh agus a dhéanamh. D'úsáid an chuid is mó againn cannaí Pringles mar sheastáin ach bhí smaointí difriúla ag daoine do na lanna. Bhain daoine úsáid as chairtchláir, lego agus breagáin eile chun iad sin a dhéanamh.'*



'Rinneamar ciorcaid leictreachais chun solas a lasadh, fuaim a dhéanamh agus motar a chur ag gluaiseacht. Fuaireamar amach gur seoltóirí maithe leictreachas iad na siosúir ranga agus gur droch sheoltóir é cás matamaitice. D'fhoghlaimíomar nach féidir fuinneamh a scriosadh ná a chruthú ach gur féidir fuinneamh a athrú ó chineál amháin fuinnimh go dtí cineál eile fuinnimh.'



Bhí Seachtain Eolaíochta maith againn i Rang a 5. Slán go fóill!

Seachtain na hEolaíochta - Rang a Sé. Le Michael Ó hAonghusa

Lá Eolaíochta a bhí ann ar an Aoine seo caite. Rinne gach duine tionscnamh faoi rudaí difriúla mar shampla lampa laibhe agus compás. Thug ár múinteoir cúpla triail isteach freisin, thug sí isteach 'skittles', uisce agus plátaí. Chuir gach bord na skittles ar imeall na bplátaí agus ansin chuireamar uisce ar na plátaí. Thosaigh an dath ag teacht as na skittles agus rinne sé bogha báistí san uisce.'



Bhí cúpla turgnamh eile ar siúl againn freisin.



Cé aige a bhí breithlá i rith na míosa seo?

Naíonáin Bheaga: **Ruby Zeller, Caoilfhionn Ní Dhálaigh**

Naíonáin Mhóra: **Ellie Nic Airt, Conor Tornóir, Mille Ní Theimhneáin**

Rang 1: **Hannah Ní Cheallaigh, Oisín Ó Dúda**

Rang 2: **Stephen Haicéad**



Rang 3: **Harry Stamps, Freya agus Layla Ní Oibicín, Daire Ní Christail.**

Rang 4: **Aoibheann Nic Giolla Eáin, Holly O'Dell, Síomha Ní Eára.**

Rang 5: **Shona Ní Ghríofa, Amy Nic Cárthaigh.**

Rang 6: **Elise Vailintín, Aoibhinn Ní Chuilinn**

Breithlá Sona Daoibh

Fógraí

Lá Saor ón Obair Bhaile



Mhol an tAire Oideachais lá saor ó obair bhaile a bhronnadh ar na páistí. Shocraíomar ar an gCéadaoin, an 2ú Nollaig 2020. Beidh na páistí iontach sásta an nuacht sin a chloisteáil, (agus tuismitheoirí araon).

Cártaí Nollag

Bhí na páistí ag obair go dian ag cur a stampa féin ar chartaí Nollag. Buíochas mór le Cairde na Scoile a d'eagraigh é sin dúinn. Rachaidh an t-airgead a bhailítear i dtreo áiseanna agus trealamh a cheannach don scoil.

Ár Scoil Buan

An nuacht is deireanaí a fuairamar maidir leis an suíomh scoile ná go raibh 'Eir' ag obair ar an suíomh mar réamhullmhúchán sula gcuirfear tús leis an dtógáil.

The latest update we had regarding the school site is that Eir have been completing preparatory work in advance of any construction commencing.

Fógraí

Athraithe mar gheall ar COVID 19.

De bharr COVID 19 táimid ag iarraidh laghdú a chur ar an méid cuairteoirí a thagann isteach sa scoil. Is féidir cnaipe ar an ngléas idirchumarsáide ag an ngeata a bhrú agus tiocfaidh duine amach chun labhairt leat.

Due to COVID 19 we are trying to reduce the number of visitors on the school grounds. If for any reason you need to come to the school please press the buzzer on the intercom at the gate and the office will help you with your enquiry.

Nóta tábhachtach maidir le páirceáil.

Note regarding parking.

Nóta gairid chun a mheabhrú do thuismitheoirí agus do fheighlithe páistí **nár chóir riamh páirceáil sa lána** taobh amuigh de gheataí na scoile nuair atá siad ag fágáil páistí ar scoil nó á bpiocadh suas tar éis na scoile.

Ina theannta sin ní cóir páirceáil ar na **línte buí** taobh amuigh den scoil mar cuireann sé seo isteach go mór ar an maor tráchta scoile.

*Just a note to remind parents and childminders that under **no circumstances** are they permitted to park in the lane at pick up and drop off times.*

*We would also like to remind parents and childminders **that parking on the yellow lines outside the school is not permitted** as this is causing serious problems for our lollipop lady.*

Carrchlós ‘Church of Christ’

Tá cead faoi leith faighte ag múinteoirí páirceáil i gclós ‘Church of Christ’. Níl cead ag éinne eile an carrchlós a úsáid de bharr chúrsaí árachais.

The teachers have been granted special access to the Church of Christ for parking. For insurance reasons no one other than the teachers can enter the carpark.